Polasaí maidir le halcól agus drugaí mídhleathacha

Ní théann an aclaíocht agus an t-alcól le chéile. Más mian leat do chumas mar imreoir a chomhlíonadh, caithfidh tú a bheith ciallmhar maidir le halcól. Cuireann alcól isteach go mór ar an imirt agus má bhaineann imreoir mí-úsáid as alcól tá an fhoireann ligthe síos aige/aici.

Má thagann tú ag traenáil nó cluiche agus ól déanta agat, cuirfear ar fionraí thú ón gcumann. I rith na tréimhse fionraithe seo, ní bheidh cead agat imirt d'aon fhoireann de chuid an chumainn ná páirt a ghlacadh in aon imeacht de chuid an chumainn. Caithfear an riail dian seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht na mball go léir.

Má chuireann bainisteoir na foirne rialacha i bhfeidhm maidir le halcól, tá an fhreagracht ar gach imreoir cloí leis na rialacha sin. Ó am go chéile, cuirfidh bainisteoirí foirne cosc ar alcól roimh chluichí agus caithfear cloí go docht daingean leis na rialacha seo. Is faoi bhainisteoirí na bhfoirne éagsúla é, smachtbhannaí a chur ar imreoirí a bhriseann an riail seo.

I gcás ceiliúrtha tar éis cluiche ba cheart duit a bheith ciallmhar maidir le halcól agus srian a choinneáil ort féin.

Maidir le himreoirí faoi aois, níor cheart aon bhua, beag nó mór a cheiliúradh i dteach tábhairne. Níl cead ag aon bhainisteoir foireann faoi aois a thabhairt isteach i dteach tábhairne tar éis aon chluiche is cuma cén t-am den lá atá i gceist.

Maidir le drugaí mídhleathacha, tá sé ríthábhachtach fanacht glan orthu seo go hiomlán. Tá siad in aghaidh an dlí agus cuireann tú do shaol i mbaol gach uair a thógann tú iad.

Is é oifigeach alcól an chumainn ná Peadar ó Loideain.